# Staitisticí ÍMAT

## Réamhstaitisticí

(23 Eanáir 2024)

Tá na staitisticí seo sealadach agus d'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh orthu

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs



Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# Staitisticí ÍMAT

Déantar athbhreithniú sa tuarascáil staitistiúil seo ar ghníomhaíocht Tuairisceán Cánach Ioncaim ÍMAT de chuid cáiníocóirí ÍMAT sa bhliain go dtí seo.

Tugtar forléargas ann ar na nithe seo a leanas:


- Gníomhaíocht maidir le tíolacthaí tuairisceán cánach don bhliain chánach 2023
- Ró-íocaíochtaí (aisíocaíochtaí), gearríocaíochtaí, agus seasaimh cánach cothrom
- Na héilimh is coitianta a rinne cáiníocóirí ÍMAT
- Réamhráitis chánach do cháiníocóirí ÍMAT nach bhfuil Tuairisceán Cánach Ioncaim ÍMAT le haghaidh 2023 tíolactha acu go fóill

# Tuairisceáin Chánach Ioncaim ÍMAT

Ó thug na Coimisinéirí Ioncaim Nua-Aoisiú ÍMAT isteach in 2019, tá méadú suntasach tagtha ar líon na gcáiníocóirí ÍMAT a thíolacann a dtuairisceáin Cánach Ioncaim ÍMAT don bhliain roimhe sna chéad seachtainí den bhliain nua (Léaráid 1).


Ní mór do cháiníocóirí ÍMAT tuairisceán Cánach Ioncaim ÍMAT a chomhlánú chun a seasamh cánach a thabhairt chun críche. Féadtar an tuairisceán Cánach Ioncaim ÍMAT a úsáid chun creidmheasanna breise a éileamh (amhail an creidmheas cánach cíosa nó an creidmheas cánach i leith ús ar mhorgáiste), faoisimh (amhail faoiseamh cianoibre) nó costais (amhail costais sláinte), nó chun ioncaim eile a dhearbhú. Ansin ginfidh na Coimisinéirí Ioncaim Ráiteas Dliteanais ina ndeimhneofar seasamh cánach deiridh an cháiníocóra don bhliain.

## Léaráid 1 - Tuairisceáin Chánach Ioncaim ÍMAT



Sa chás go bhfuil ró-íocaíocht Cánach Ioncaim nó MSU ag duine aonair tar éis tuairisceán Cánach Ioncaim ÍMAT a chomhlánú, aisíocann na Coimisinéirí Ioncaim é seo chuig a gcuntas bainc. Is iondúil go mbailítear aon ghearríocaíocht, saor ó ús, trí chreidmheasanna cánach amach anseo a laghdú thar uastréimhse ceithre bliana. Tá an rogha ag duine íocaíocht shingil iomlán a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim más mian leo.

## Léaráid 2: Tuairisceáin Chánach Ioncaim ÍMAT 2023




## Tábla 1: Tuairisceáin Chánach Ioncaim ÍMAT 2023
## Na héilimh bhreise is mó a thíolacann cáiníocóirí

| Cineál Éilimh | Líon na nÉileamh |
|---|---|
| Costais sláinte | 88,800 |
| Creidmheas cánach cíosa | 68,200 |
| Faoiseamh cianoibre | 34,200 |
| Costais chothromráta | 30,100 |
| Táillí teagaisc | 7,100 |

Tabhair do d'aire: níl cáiníocóirí a rinne éilimh 'sa bhliain' in 2023 san áireamh i Tábla 1. Beifear in ann éileamh a dhéanamh ar an gcreidmheas cánach i leith ús ar mhorgáiste roimh dheireadh mhí Eanáir 2024. Féadfaidh cáiníocóirí a bhfuil tuairisceán Cánach Ioncaim ÍMAT tíolactha acu cheana féin tuairisceán leasaithe a thíolacadh chun an creidmheas seo a éileamh.

# Réamhráitis Dheireadh Bliana ÍMAT (RRDB)

Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim Réamhráiteas Deireadh Bliana ÍMAT (RRDB) ar fáil do gach cáiníocóir ÍMAT ag deireadh na bliana. Leagann an RRDB amach seasamh sealadach cánach, bunaithe ar fhaisnéis fíor-ama atá ar fáil ar thaifid na gCoimisinéirí Ioncaim.

Léirítear san anailís, dáileadh ró-íocaíochtaí agus gearríocaíochtaí don 2,272,400 cáiníocóir (aonaid cáiníocóra) nach bhfuil tuairisceán Cánach Ioncaim ÍMAT 2023 tíolactha acu go fóill:

- Bhí seasamh cothrom cánach ag 1,377,100 (61%) cáiníocóir.
- Rinne 619,300 (27%) cáiníocóir ró-íocaíocht ar cháin de €480m.
- Rinne 276,000 (12%) cáiníocóir gearríocaíocht cánach de €156m.

## Tábla 2 – RRDB 2023

### Ró-íoctha

| Suim Ró-íoctha € | Líon na nAonad Cáiníocóra | % de Aonaid Cáiníocóra | Meán Ró-íocaíocht € |
|---|---|---|---|
| 10-50 | 161,200 | 7.1% | 26 |
| 50.01-100 | 77,000 | 3.4% | 67 |
| 100.01-200 | 54,400 | 2.4% | 144 |
| 200.01-300 | 38,300 | 1.7% | 246 |
| 300.01-400 | 31,000 | 1.4% | 348 |
| 400.01-500 | 27,000 | 1.2% | 452 |
| 500.01-600 | 22,000 | 1.0% | 549 |
| 600.01-700 | 18,900 | 0.8% | 649 |
| 700.01-800 | 17,100 | 0.8% | 745 |
| 800.01-900 | 14,500 | 0.6% | 848 |
| 900.01-1000 | 13,400 | 0.6% | 949 |
| 1000.01-2000 | 80,000 | 3.5% | 1,378 |
| 2000.01-3000 | 28,800 | 1.3% | 2,401 |
| 3000.01-4000 | 14,900 | 0.7% | 3,433 |
| 4000.01-5000 | 7,700 | 0.3% | 4,447 |
| <5,000 | 12,900 | 0.6% | 6,648 |
| **Iomlán Ró-íoctha** | **619,300** | **27.3%** | |

### Gearríoctha

| Suim Gearríoctha € | Líon na nAonad Cáiníocóra | % de Aonaid Cáiníocóra | Meán Gearríocaíocht € |
|---|---|---|---|
| 10-50 | 52,700 | 2.3% | 39 |
| 50.01-100 | 72,400 | 3.2% | 80 |
| 100.01-200 | 55,800 | 2.5% | 138 |
| 200.01-300 | 19,600 | 0.9% | 240 |
| 300.01-400 | 12,100 | 0.5% | 341 |
| 400.01-500 | 7,300 | 0.3% | 447 |
| 500.01-600 | 5,100 | 0.2% | 551 |
| 600.01-700 | 4,600 | 0.2% | 655 |
| 700.01-800 | 3,600 | 0.2% | 739 |
| 800.01-900 | 2,600 | 0.1% | 847 |
| 900.01-1000 | 3,600 | 0.2% | 955 |
| 1000.01-2000 | 14,200 | 0.6% | 1,279 |
| 2000.01-3000 | 5,700 | 0.2% | 2,649 |
| 3000.01-4000 | 9,600 | 0.4% | 3,456 |
| 4000.01-5000 | 3,200 | 0.1% | 4,295 |
| <5,000 | 4,000 | 0.2% | 6,776 |
| **Iomlán** | **276,000** | **12.1%** | |

# Nótaí maidir le Tuairisceáin Chánach Ioncaim ÍMAT

Tagraíonn na léaráidí agus na táblaí go léir a bhaineann le Tuairisceáin Chánach Ioncaim ÍMAT do shonraí amhail an 19 Eanáir 2024.

Tagraíonn na staitisticí san fhoilseachán seo do ghníomhaíocht cáiníocóirí ÍMAT. Níl sonraí maidir le héilimh ó cháiníocóirí féinmheasúnaithe ar fáil go fóill toisc go gcuirtear tuairisceáin na gcáiníocóirí seo isteach níos déanaí sa bhliain de ghnáth. Is é an 31 Deireadh Fómhair 2024 an dáta tíolactha reachtúil do thuairisceán cánach 2023 do cháiníocóirí féinmheasúnaithe.

Tagraíonn na staitisticí san fhoilseachán seo do líon na dTuairisceán Cánach Ioncaim ÍMAT ar líne, arb ionann iad de ghnáth agus níos mó ná 99 faoin gcéad de na tuairisceáin. Tagraíonn na tuairisceáin a tíolacadh do líon na dtuairisceán a tíolacadh sa tréimhse sin don bhliain chánach roimhe sin. Is féidir le cáiníocóir tíolacadh a dhéanamh níos mó ná uair amháin m.sh., tuairisceán leasaithe a thíolacadh.

Tagraíonn na staitisticí san fhoilseachán seo go ginearálta do ghníomhaíocht a bhaineann leis an mbliain chánach 2023. Áirítear i léaráid 1 sonraí breise ar bhlianta cánach níos sine.



Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# NÓTAÍ MAIDIR LE RRDB

Tagraíonn na léaráidí agus na táblaí go léir a bhaineann le Réamhráitis Dheireadh Bliana ÍMAT (RRDB) do shonraí amhail an 18 Eanáir 2024.

Folaíonn "cothrom" méideanna gearríocaíochtaí nó ró-íocaíochtaí suas le €10.

Is airmheáin iad na meánfhigiúirí a chuirtear i láthair.

Ní áirítear san anailís thuas cáiníocóirí atá cláraithe le haghaidh féinmheasúnú Cánach Ioncaim nó atá neamhchónaitheach. Ní áirítear ann freisin cáiníocóirí a bhfuil Tuairisceán Cánach Ioncaim ÍMAT 2023 tíolactha acu cheana féin.

Tá sonraí ar bhonn 'aonad cánach'. Is éard is aonad cáiníocóra ann ná duine aonair a bhfuil aon stádas pearsanta aige/aici a ndéantar measúnú orthu mar dhuine aonair nó lánúin pósta nó mar pháirtnéirí sibhialta a roghnaigh measúnú comhpháirteach.

Maidir le haonaid cáiníocóra a bhfuil bainteach leo, ní chuirtear iad sin san áireamh sna staitisticí sa chás go bhfuil duine amháin nó an bheirt acu cláraithe le haghaidh féinmheasúnú Cánach Ioncaim nó go bhfuil siad neamhchónaitheach.

Baineann an anailís thuas úsáid as sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ag pointe ama ar leith agus athróidh figiúirí de réir mar a thíolacann daoine aonair a dtuairisceáin chánach, lena bhféadfadh foinsí ioncaim breise agus / nó creidmheasanna nó faoisimh bhreise a bheith san áireamh iontu. Athróidh sé freisin de réir mar a chuirtear na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoi leasuithe ar ioncam do dhaoine aonair, mar shampla i gcás fostóirí nó an Roinn Coimirce Sóisialaí.

## Tuilleadh Eolais

Tá eolas ar an gcaoi le Tuairisceán Cánach Ioncaim ÍMAT a thíolacadh agus oibriú creidmheasanna agus faoiseamh ar fáil ar www.revenue.ie.

Féadtar fiosruithe staidrimh a sheoladh chuig statistics@revenue.ie.

Ar an gcéad dul síos, ba chóir ceisteanna a bhaineann leis na meáin a chur chuig revpress@revenue.ie.